



Snáithe 3 | Caidrimh agus Gnéasacht

Toradh Foghlama 3.6:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire a bhfuil i gceist le gnéasacht an duine a thuiscint, agus ar an gcaoi a mbraitear agus a léirítear gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar bhealaí éagsúla.
Réamhfhoghlaim:	Sula bpléítear le Toradh Foghlama 3.6, is gá go mbeadh an scoláire i ndiaidh plé leis na torthaí foghlama a bhaineann leis, mar shampla, foghlaim faoi na hathruithe fisiciúla, sóisialta agus mothúchána a tharlaíonn le linn na hógántachta (1.1), na tosca agus na tionchair a théann i bhfeidhm ar fhéiniúlacht daoine óga , amhail teaghlach, piaraí, cultúr, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, cine/cúlra eitneach, cumas/míchumas, creideamh/dearthaí ar an saol (1.4) agus comhionannas inscne agus steiréitíopaí inscne (1.5)

Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is gnáthchuid den ógántacht é gnéithe éagsúla de d'fhéiniúlacht féin a cheistiú. 'Figuring out the kind of person you are becoming is the major developmental task of adolescence'. (Gaffney, M. 2021. *Your One Wild and Precious Life*, lch 53). Agus an méid seo á dhéanamh amach acu, tá sé coitianta do dhaoine óga gnéithe dá bhféiniúlacht a cheistiú, agus d'fhéadfadh a ngnéaschlaonadh agus/nó a bhféiniúlacht inscne a bheith mar chuid de seo. Deir saineolaithe gur gá do na daoine fásta ina saolta a aithint gur gnáthrud é an ceistiú seo agus an t-am agus spás a thabhairt don duine óg é a oibriú amach.

Is é aidhm Thoradh Foghlama 3.6 ná comhráite a thosú le daoine óga maidir le fairsinge na mbealaí inar féidir le daoine gnéasacht an duine a bhrath agus a léiriú. Tá gnéasacht an duine leathan agus iomlánaíoch agus tá ár bhféiniúlacht inscne, ár ngnéaschlaonadh, ár gcaidreamh lena chéile agus ár gcaidrimh le daoine eile mar chuid de. Baineann an ghnéasacht linn mar dhaoine, má tá muid gníomhach go gnéasach nó mura bhfuil. Bealach amháin ina léiríonn daoine a ngnéasacht is ea an ghníomhaíocht ghnéasach. (Féach: [Roth na Gnéasachta](#))

In OSPS, nuair a ghlacann múinteoirí le cur chuige neamhbhreithiúnach, íogair agus oscailte a thugann aitheantas d'éagsúlacht agus castacht an tsaoil, agus a bhfuil sé mar aidhm aige timpeallacht seomra ranga inar féidir le comhbhá agus tuiscint fás, is ea is tacúla a bhíonn siad.

Mar chuid den phlé seo, tá sé tábhachtach a aithint gur dhá ghné éagsúla dár bpearsanúlacht iad gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne (féach sainmhínithe). Níor chóir do dhuine ar bith lipéad a chur ar dhuine eile ná duine ar bith a rangú, a ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne san áireamh. De réir na dtreoirilínte, [A bheith LADT ar scoil](#), moltar do mhúinteoirí agus scoláirí teanga meas a léiriú ar an teanga agus téarmaíocht a úsáideann daoine óga leo féin a aithint mar seo bealach amháin atá ann le timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú agus tacú le scoláirí atá LADTA+.

I gcomhthéacs plé a dhéanamh ar fhéiniúlacht inscne, tá sé tábhachtach a aithint, cé go mb'fhéidir nach é seo an cás do gach duine, go dtagann féiniúlacht inscne formhór na ndaoine leis an ngnéas a cláraíodh nuair a rugadh iad. Tá sé tábhachtach cur in iúl do dhéagóirí go bhfuil bealaí éagsúla ann lenár n-inscne a bhrath agus a léiriú. Ar a bharr sin, is gnáthrud sláintiúil é gnásanna agus steiréitíopaí inscne a cheistiú agus i gcás go leor daoine óga, ní theastaíonn uathu cloí leis an rud a mbítear ag súil leis sa tsochaí ó thaobh agcuma agus iompraíochta de. Maidir le formhór mór na ndaoine óga, ní hionann neamhchomhréir inscne agus ceistiú inscne go n-aithneoidh an duine é/í féin mar dhuine trasinscneach amach anseo. Tá sé tábhachtach freisin cuimhneamh gur féidir le féiniúlacht inscne duine athrú le himeacht aimsire.

Sainmhínte ábhartha

Gnéasacht – gnéithe an duine lena n-áirítear gnéas bitheolaíoch, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú gnéasach, fantaisíochtaí gnéasacha, dearcthaí agus luachanna a bhaineann le gnéas. Is féidir le gnéithe gnéasachta athrú agus muid ag dul in aois agus nuair a bhíonn caidrimh dhifriúla againn.

Féiniúlacht inscne – eispéireas inmheánach aonair a mhothaíonn daoine ag baint lena n-inscne, a thagann, nó nach dtagann, leis an ngnéas a cláraíodh tráth na breithe.

Gnéaschlaonadh – cumas an duine do mhealladh mothúchánach agus gnéasach do, agus caidrimh dhlúthphearsanta agus ghnéasacha le, duine d’inscne dhifriúil, nó an inscne chéanna nó níos mó ná inscne amháin. Ní mhothaíonn roinnt daoine mealladh gnéasach nó bíonn leibhéal ísle de mhealladh gnéasach acu, agus tugtar éighnéasacht air seo.

Cuir chuige atá le meas:

- Ba cheart don seomra ranga OSPS a bheith ina spás a léiríonn meas go hoscailte agus go gníomhach ar shainiúlacht gach duine óige, lena n-áirítear a g[h]néaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus roghanna léirithe.
- Bíodh intinn oscailte agat a léiríonn an fheasacht go bhfuil ceisteanna a bhaineann le féiniúlacht inscne casta agus go bhfuil féiniúlacht ar leith agus luachmhar ag gach scoláire.
- Moltar úsáid a bhaint as scéalta agus fianaise a léiríonn bealaí éagsúla daoine óga lena ngnéasacht agus inscne a aithint, a bhrath agus a léiriú. É sin ráite, ná déan dearmad droch-chleachtas é iarraidh ar dhaoine óga labhairt faoina n-eispéiris phearsanta. Léirigh meas ar a scéalta agus lig dóibh iad a roinnt ina n-am féin agus ar a mbealach féin, de réir mar is cuí.
- Ní bhítear ag súil leis go ndéanfaidh an múinteoir plé sa seomra ranga maidir le gnéithe casta leighis na gnéasachta, ar nós féiniúlachtaí idirghnéasacha nó cóiréalacha a thacaíonn le haistriú míochaine inscne. Má thagann ceisteanna den chineál sin aníos, is é an rud is sábháilte ná a aithint gur ceisteanna casta iad seo agus gur fearr iad a phlé le saineolaí leighis.

Féach [Ag plé le comhráite íogaire/dúshlánacha](#) agus [Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?](#)

Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo:

- Maidir le **gnéasacht an duine** – Céard a chiallaíonn sé nuair a deirtear gur neacha gnéis muid ar fad? cén chaoi a léirítear gnéasacht? cén chaoi a n-imríonn teaghlach, piaraí, na meáin agus creidimh reiligiúnacha tionchar ar ár gcoincheap ‘gnéasachta’?
- Maidir le **gnéaschlaonadh** – Céard é an difríocht idir féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach meas a léiriú ar chineálacha éagsúla caidreamh? an bhfuil cónaí orainn i sochaí heitranormatach agus cén tionchar atá aige seo? céard iad na céimeanna is féidir linn glacadh le timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú sa seomra ranga agus lasmuigh den scoil?
- Maidir le **féiniúlacht inscne** – cén chaoi a n-imríonn ionchais agus steirítíopaí inscne tionchar ar an gcaoí a léiríonn daoine a n-inscne? cén fáth a bhfuil sé tábhachtach meas a léiriú ar na bealaí éagsúla ina mbraitheann agus ina léiríonn daoine a bhféiniúlacht inscne? Cén chaoi a léiríonn/ar féidir le daoine an meas seo a léiriú?

Torthaí féideartha foghlama leantacha:

plé a dhéanamh ar eispéiris/chásanna claontachta, éagothroime nó eisiaimh agus bealaí a cheapadh chun timpeallachtaí níos ionchuimsithí a chruthú go gníomhach (TF 1.6)

Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS 2023 le haghaidh [acmhainní múinteoireachta nasctha le TF 3.6](#)